a3 poster irish + english 17/8/04 12:31 pm Page 1

FORBAIRT TEANGA: SEACHAINT FADHBANNA

FORBAIRT TEANGA

COMHAIRLE DO THUISMITHEOIRÍ:
conas is féidir libhse cabhrú

COMHAIRLE A LORG: nuair ba chóir duit cabhair nó comhairle a lorg ó phéidiatraí nó ó theiripeach urlabhra

ó bhreith go haois 6 mhí

✓ Téann fuaimeanna i bhfeidhm ar an leanbh, tiontaíonn sé a shúile agus/nó a cheann i dtreo fhoinse na fuaime
✓ Bíonn fuaimeanna á ndéanamh aige féin.

ag 12 mí

✓ Tuigeann sé treoracha simplí
✓ Deir sé 'Mamaí' agus 'Daidí'
✓ Freagraíonn sé dá ainm féin.

✓ Bí ag caint leis go réidh is go ceanúil
✓ Bí ag canadh agus ag gáire leis
✓ Bí ag míniú dó cad iad na fuaimeanna a chloiseann sé
✓ Ainmnigh na daoine agus na rudaí sin a mbíonn taithí aige orthu
✓ Bí ag cur síos dó ar na rudaí atá á ndéanamh agat féin.

✓ Bíodh do ghlór féin ina ghléas súgartha agus spraoi: is breá leis an leanbh é seo. Cabhraíonn tuin do chuid cainte leis an teanga a thuiscint agus a úsáid go héifeachtach.
✓ Cabhraigh leis an leanbh sult a bhaint as cumarsáid de gach cineál (ag cur strainceanna oraibh féin, ag féachaint ar a chéile nó ag gáire lena chéile)
✓ Léirigh dó cé chomh riachtanach is atá an teanga i nGACH UILE RUD a dhéanaimid.

✓ Coinnigh súil ar an leanbh, féachaint an dtéann fuaimeanna i bhfeidhm air. Mura dtéann, déan socrú chun a chumas éisteachta a thástáil
✓ An mbaineann an leanbh leas as teagmháil na súl chun cumarsáid a dhéanamh? Mura mbaineann, níor mhiste comhairle a lorg.

✓ Ag an gcéim seo, is beag an tairbhe don leanbh a bheith ag breathnú ar an teilifís. Ná fág é os comhair an teilifíseáin ar feadh tréimhsí fada, mar ní spreagann sé a chumas cumarsáide in aon chor.

ag aois 18 mí

✓ Tuigeann an leanbh treoracha agus abairtí simplí
✓ Ba chóir go mbeadh sé in ann nithe a bhfuil taithí aige orthu a ainmniú
✓ Tá a stór focal ag méadú.

ag aois 2 bhliain

✓ Tuigeann sé treoracha casta
✓ Is féidir leis a ainm a rá
✓ Is féidir leis abairtí a chumadh ina bhfuil 2-3 focal.

✓ Bí ag caint leis faoi mar a bhíonn tú le daoine eile, ag úsáid abairtí atá ceart ó thaobh na gramadaí. Bain úsáid as focail simplí ach seachain "an caint leanbaí"
✓ Bí ag tabhairt leabhair dó agus bí ag caint leis fúthu: cuireann leanaí spéis i ndathanna agus i gcruthanna. Déan cinnte gur leabhair iad seo a ceapadh dá aoisghrúpa agus nach éasca iad a stróiceadh ó chéile.

✓ Bí ag méadú ar a stór focal
✓ Mínigh na focail nach dtuigeann sé féin
✓ Abair agus abair arís aon fhocal nach bhfuaimníonn sé mar is ceart, ach ná bí ag iarraidh air féin é a athrá gach uile uair.

✓ Ba chóir duit comhairle a lorg má stopann an leanbh ag caint, nó más cosúil nach bhfuil aon fhorbairt ag teacht ar a chumas cainte nó má tá an chuma air go bhfuil a chumas cainte ag meath.

Ba chóir duit comhairle a lorg:
✓ Mura bhfuil de stór focal aige ach roinnt bheag focal seachas 'Mamaí' agus 'Daidí'
✓ Má tá a chuid cainte dothuigthe den chuid is mó
✓ Mura ndéanann sé 2 fhocal a chur le chéile chun frásaí agus abairtí gearra a chruthú.

ag aois 3 bliana

✓ Tuigeann sé scéalta simplí
✓ Bíonn abairtí á gcumadh aige
✓ Bíonn ceisteanna á gcur aige
✓ Úsáideann sé an uimhir iolra agus réamhfhocail.

ag aois 4 bliana

✓ Tá caint an pháiste ag éirí níos cosúla le caint daoine fásta ó thaobh na gramadaí de.

✓ Teagasc dó an chaoi chun scéalta a insint: cabhraigh leis a chuid smaointe agus mothúchán a chur i bhfriotal
✓ Déan iarracht é a mhealladh ó bheith ag ól as buidéal nó ag brath ar ghobán.

✓ Bí ag léamh scéalta le chéile, tusa ag insint an scéil ar feadh seala agus an páiste ag insint an scéil ar a sheal féin. Cabhraíonn seo le dearcadh dearfach a chothú maidir leis an teanga agus an léitheoireacht
✓ Bí tusa i do dea-shampla do na páistí. Bí cinnte go bhfeiceann siad tú féin i mbun léitheoireachta.

Ba chóir duit comhairle a lorg:
✓ Má bhíonn a chuid cainte dothuigthe fós
✓ Mura bhfuil ina stór focal ach roinnt bheag briathra, gan ailt ná aidiachtaí
✓ Mura mbíonn an uimhir iolra á húsáid aige
✓ Mura mbíonn abairtí simplí á gcumadh aige.

Ba chóir duit comhairle a lorg:
✓ Má bhíonn sé deacair ar an leanbh tús a chur le habairt nó má bhíonn siollaí nó focail á n-athrá aige
✓ Má úsáideann sé abairtí gearra nach bhfuil struchtúr ag baint leo
✓ Má bhíonn a chuid cainte dothuigthe ar uairibh
✓ Mura bhfuil sé in ann cur síos ar eachtraí simplí nó eachtraí a thit amach le déanaí.

I.A.S.L.T.

Foras na Gaeilge

Western Health Board
Bord Sláinte an Iarthair

cplol